# NÍL AON TEORAINN...

## ... LE DO SHAMHLAÍOCHT
## ... NÁ LE CAD A D'FHÉADFAÍ A FHÁIL AMACH

Cé go bhfuil spásairí tar éis siúl ar an nGealach agus tá bugaí tar éis gluaiseacht trasna ar Mars, dá samhlófá an spástaiscéalaíocht mar scoil bheadh an duine thart ar Rang a hAon a bhaint amach.

Tá an-chuid fós le foghlaim. Faightear rudaí nua amach gach uile lá. Tá plainéid chorr, réalta coimhthíocha agus fórsaí do-chreidte amuigh ansin, i ngach uile áit, ag fanacht le go n-aimseofaí iad. Agus níl ansin ach tús an scéil! Tá an chruinne amuigh ansin lán de sheoid nach bhfuil ainmneacha againn dóibh fós fiú. Agus is ag an bpointe sin a thagann tusa isteach.

Mar cheiliúradh ar Bhliain Idirnáisiúnta na Réalteolaíochta, teastaíonn uainn bhúr samhlaíocht a chur ag obair, agus mar rang, scéal a chumadh faoin spás, an teorainn dheireanach atá ag an duine. Léigh ar aghaidh chun blaiseadh d'fhail ar cad a d'fhéadfadh bheith amuigh ansin. Pioc suas peann ansin agus cur tús le heachtra réalteolaíochta de do chuid fein.

Donal Connell
Príomhfheidhmeannach
An Post

NÓTAÍ DON MHÚINTEOIR

LÉIGH IAD SEO AMACH DO DO RANG AGUS LIG DÓIBH NA CINN IS FEARR LEO A ROGHNÚ.

# TUAIRIMÍ SCÉIL

## CATAGÓIR 1 - NAÍONÁIN BHEAGA, NAÍONÁIN MHÓRA AGUS RANGANNA CÚRAM SPEISIALTA

### (1)

Ní raibh sé de cheart agam é a dheanamh. Minic go leor a dúirt m'athair liom'
"Ná brúigh an cnaipe dearg Jack," ab ea na focail dheireanacha a labhair sé liom sular scuab an aerbhac leis é. Ach céard a rinne mé... 'ó mo léan, a Jack!'
Tar éis cúig nóiméad a chaitheamh go díomhaoin, rug an cnaipe dearg gléineach sin greim daingean ar mo shamhlaíocht agus splanc! Bhrúigh mé é. Anois tá an spásárthach ag titim i dtreo... ní fios dom fiú agus táim im aonar. Im aonar go hiomlán!

**Céard a tharlóidh má...**
Muna bhfuil Jack ina aonar?
Dá bhféadfadh Jack teacht ar shlí éigint teagmháil a dhéanamh lena Dhaid?
Má bhuaileann Jack le heachtráin?
Má thuirlingíonn Jack ar phlainéad eile?
Má bhrúann Jack an cnaipe dearg arís?

### (2)

Spásaire ab ea mo mháthair agus bhí mise tiomanta ar bheith im spásaire chomh maith. Sin an fáth ar cuireadh mise anseo. Ní fheicim rud ar bith ach réalta mar nach bhfuil scamall sa spéir a chuirfeadh i bhfolach iad. Ach, ní bheifeá ag súil le scamaill a fheiceáil ar an nGealach! Tá an scoil go hiontach agus lán de pháistí iontacha ó gach cearn den domhan. Inniu is ea an lá mór áfach. Inniu, tá ár gcultacha spáis á gcur orainn againn don gcéad uair. Inniu, tá mise, Susan Smith, chun siúl ar
an nGealach!

**Céard a tharlóidh...**
Má bhíonn dreigechith ann?
Muna gcoimeádfaidh an domhantarraingt ar an nGealach í?
Má bhíonn fadhb lena culaith?
Má tharlaíonn rud éigin don scoil agus iad imithe?
Má imríonn ceann de na páistí eile cleas?

## (3)

Eachtrán is ea Derek! Bhuel, eachtrán duit-se agus domhsa. Ar a dhomhan féin sa bhaile, Hiros, tá an cló céanna air agus atá ar gach éinne eile Tá cosa fada caola air, cúig chinn acu, cloigeann mór ciorcalach le trí shúil agus béal mór groí le haoibh an gháire air. Tá Derek cosúil le ochtapas, cé gur cinnte nach maireann se cosúil le ceann. Cónaíonn Derek ar thalamh tirim agus oibríonn sé mar eolaí sa réadlann is mó ar an bplainéad. Inniu, tá Derek chun rud éigin nua a aithint don chéad uair!

**Céard a tharlóidh...**
Má fheiceann Derek rud éigint dainséarach ag teacht tríd an teileascóp?
Má fheabhsóidh an méid a fuair Derek amach an domhan?
Má théann Derek amach sa spás é féin?
Má bhuaileann Derek le duine daonna?
Dá mbeadh ar chumas Derek labhairt lena aigne?

## (4)

Ní haon ghnáthrothar é seo. Tá Tom tar éis treisroicéid moillithe a dhaingniú, hipir-thiomántán sár-intleachtúil, cában só-dhiallaite imdhíonaithe agus, a aireagán is déanaí, sár-mhacasamhlóir meaisín! Is amhlaidh gur duine ardéirime é Tom agus ta an rothar seo ar tí é a thabhairt ar eachtra a shaoil. Beidh Tom mar an chéad buachaill-eolaí a dheanfaidh rothaíocht isteach sa spás!

**Céard a tharlóidh...**
Dá bhféadfadh rothar Tom é a bhreith in aon áit?
Dá dteipfeadh ar an hipir-thiomáint nuair a bhí gá léi?
Dá bhfaigheadh Tom polladh?
Dá bhféadfaí rothar Tom a mhacashamhlú mar aon rud in aonchor?
Dá dteastódh ardéirim Tom ó chine eachtrán chun iad a shlánú?

## (5)

Ní raibh aon spéis ag Michelle agus na cailíní sa rang sa spás. Bhí níos mó spéise acu siúd i bheaith ina réalta iad féin na bheith ag féachaint amach orthu. Ach inniu bhí a n-aghaidheanna greamaithe leis na fuinneoga ina gcúrsóir scoile agus é ag cúrsáil i dtreo an Stáisiún Spáis Réaltrach. Bhí spásárthaí scoile de gach crut agus cineál ag tuirlingt ó gach áit sa chruinne. Inniu tá trialacha Spás Réalta Amhránaíochta ar siúl sa Stáisiún Spáis Réaltrach agus bhí sé i gceist ag Michelle agus a banna, 'The Gravity Girls', an bua a bheith acu sa chomórtas.

**Céard a tharlóidh...**
má théann siad gar do na trialacha a chailiúint?
Má theipeann ar ghlór Michelle?
Má thagann sceitimíní ar an mbanna?
Má chasann buíon gránа maistíní spáis leo?
Má bhíonn banna eile leis an ainm 'The Gravity Girls'?

NÓTAÍ DON MÚINTEOIR

LÉIGH IAD SEO AMACH DO DO RANG AGUS LIG DÓIBH NA CINN IS FEARR LEO A ROGHNÚ.

# TUAIRIMÍ SCÉIL

## CATAGÓIR 2/3/4 - RANG A HAON GO RANG A SÉ

### (1)

Rugadh Jim ar an Irish Explorer agus go dtí seo tá a shaol go léir caite aige sa spás. Tá a athair mar bhall den chriú a bhfuil mar mhisean acu réaltraí nua a aimsiú agus taiscéaladh a dhéanamh ar na haiteanna is iargúlta sa chruinne. Saol maith is ea é agus cinnte ní bhíonn se leadránach. B'shin an fáth nach raibh Jim ró-bhuartha nuair a chuala sé aláram an árthaí ag glaoch.

'Níl ann ach cleachtadh eile,' shamhlaigh sé. Ach bhí éagóir air!

**Céard a tharlódh...**
Dá mbeadh an t-árthach slogtha siar ag dúpholl?
Dá mbeadh an Irish Explorer faoi ionsaí?
Má tá an captaen tar éis aimsiú mór a dhéanamh?
Dá mbeadh rud éigin iontach ar tí tarlú do Jim?
Más amhlaidh nach éinne laisitgh den árthach a chur ar siúl an t-aláram?

### (2)

Bhí Seán agus a chomrádaithe ranga ag súil leis seo an tseachtain ar fad. De réir mar a bhí siad ag druidim leo fan an bhóthair i sean-veain caite na scoile, bhíodar ag ceapadh nach droch dhuine ab ea Mr. Doherty, a múinteoir eolaíochta. Bhí Docker, mar a bhí aithne air, tar éis an turas oíche go dtí an Réadlann Dún Since a eagrú cúpla seachtain ó shin agus anocht, bhí na coinníollacha den scoth. Bhí an spéir os cionn an réadlann is sine in Éirinn lán le réalta agus bhí an Gealach ag taitneamh go geal.

Pléacs! Bhí sé ar nós gur bhuail an veain falla brící. Ach ní raibh falla ar bith ann. Nuair a d'fhéach Seán amach an fhuinneog ní raibh bóthar ar bith ann ach an oiread. Bhí ag veain ar snámh san aer, tarraingte inairde ag fórsa do-fheicthe.

**Céard a tharlódh...**
Munar timpist a bhí anseo fiú?
Munar Docker an duine a cheap siad a bhí ann?
Má tá spásárthach eachtránach tar éis iad a ghabháil?
Dá n-osclódh doras an veain ar leathadh gan choinne?
Más tairseach go cruinne eile í Réadlann Dún Since?

## (3)

Ón am a tháinig sí ar an gcloch aisteach úd a bhí titithe anuas ón spéir, bhí rudaí éirithe ábhairín ait. Bhí deacracht ag Sarah codladh agus bhí an taibhreamh céanna ag filleadh gach oíche. Amhail is go raibh duine éigin ag iarraidh glaoch uirthi ó áit éigin i bhfad i gcéin. Gach oíche, bhí an taibhreamh ag éirí níos láidre ach ní raibh sé riamh láidir a dhóthain le go dtuigfeadh sí céard a bhí á rá. Go dtí anois!

D'oscail Sarah a súile. Bhí an chloch ag breo mar a bheadh birín beo gorm geal agus ina haigne chuala sí...

**Céard a tharlódh...**
má ta cumhachtaí coimhthíocha ag an gcloch?
Cad é an chloch seo i ndáiríre?
Má bhíonn ar Sarah taisteal amach sa spás?
Más í an fhírinne a taibhreamh?
Má tá duine éigin go mór i ngátar?

## (4)

Bhí an saol ar an bplainéad Thoth go maith! Bhí sé deas te agus grianmhar i gcónaí. Bhí am t-aer glan agus úr agus ní raibh easpa rudaí spórtúla le déanamh. Tháinig Muintir Uí Mhuireasáin go dtí an chóilíneacht dhá bhliain ó shin agus b'iontach an dá bhliain iad. Anois agus iad ag dul ar bord an Star jumper a thabharfadh ar ais go dtí an domhan iad, mhothaigh siad brónach. Mhothaigh fágaint Thoth cosúil le bheith ag fágaint an bhaile agus ní bheadh an aistear abhaile éasca. Shuigh Sam taobh lena dhaid agus chliceáil sé an strapa tacaíochta forshonach trasna air féin a fhad is a tháinig na holl-innill ar siúl.

**Céard a tharlódh...**
Má bhíonn fadhb leis an Star Jumper?
Má bhíonn tuirlingt timpiste acu ar phlainéad stróinséartha?
Má tá an Domhan go hiomlán éagsúil ó mar atá ar eolas againn?
Má bhuaileann an t-árthach le dreigechith marfach?
Má fheiceann siad rud éigin neamhghnáthach ar a slí chun an Domhain?

## (5)

Tháinig an spásárthach fada, seang ar chruth saighid ar stop ag stráice mín os cionn ionad tuirlingthe an Impire. Le torann bog, thainig cranna tacaíochta amach ón fho-chabhail ghléineach agus d'oscail doras ar a thaobh. Tháinig puthairí aisteacha amach ó na dóirse nuair a shiúl an banphrionsa go dána ina threo. Tháinig róbat ait amach agus anuas an rampa a bhí ag titim go búclach ón dtairseach oscailte. Stop sé díreach os comhair an banphrionsa agus d'fhógair: "Ta teachtaireacht phráinneach agam ón Impire. A Bhanphrionsa, tá do chabhair de dhíth air..."

**Céard a tharlódh...**
Má tá athair an Banphrionsa fuadaithe?
Má ta cumhachtaí draíochta ag an mbanphrionsa?
Má tá an Impire ag pleanáil rud éigin gan choinne?
Más dírthreoir é an misean?
Más ag iarraidh a saol a shábháil ata an róbait?